# Na Straitéisí ar Fad



I dTreo Thuiscint na Léitheoireachta 2026

Jacqueline de Brún

# Comhoibriú na Straitéisí

Baineann léitheoirí maithe úsáid as réimse straitéisí léitheoireachta ag aon am amháin. Is deacair ceann a dhéanamh gan cinn eile a chur san áireamh. Dírigh aird ar na straitéisí ceann ar cheann le go mbeidh tuiscint ag na léitheoirí ar gach straitéis, ansin aithneoidh siad na straitéisí a bhíonn in úsáid acu féin. Aithneoidh siad chomh maith na straitéisí a bhíonn in úsáid acu i nGaeilge agus i mBéarla.

Agus gach straitéis foghlama agus cleachtaithe ag na léitheoirí is féidir na gnéithe éagsúla a chur i bhfeidhm. Is cinnte go mbeidh aird ar **fhorbairt foclóra, aithint focal/fónaic/moirféimí agus na naisc le gramadach** na Gaeilge i ngach ceacht léitheoireachta Gaeilge. Ina dhiaidh sin is féidir go spreagfaidh téacsanna difriúla straitéisí tuisceana difriúla. Beidh straitéisí difriúla in úsáid ag brath ar sheánra an téacs.

**Téacsanna samplacha atá in *In Ord agus in Eagar* a spreagann straitéisí tuisceana faoi leith:**

**Fiscean**

**Dogman** (Futa Fata): Cuir ceisteanna roimh, i rith agus i ndiaidh na léitheoireachta. Déan tuar agus bain tátal as gach scéilin. Pléigh réamheolas. Tógtar ar an eolas de réir mar a théann na scéilíní ar aghaidh.

**Fabhalscéalta Aesóip** (An Gúm): Tóg ceisteanna. Pléigh réamheolas. Mol achoimre i ndiaidh gach scéil le tuiscint ar theachtaireacht a chinntiú. Iarr orthu tátal a bhaint as téacs maidir le sprioc an údair.

**Róbó-Mhadra** (Leabhar Breac): Cuir ceisteanna. Pléigh réamheolas agus naisc. Is féidir tuar a dhéanamh agus tátal a bhaint as an téacs ag tús na léitheoireachta agus monatóireacht a dhéanamh ar na moltaí i rith na léitheoireachta.

**Labhraidh Loingsigh** (An Gúm): Dírigh ar cheisteanna, dúnta agus oscailte, roimh, i rith na léitheoireachta agus i ndiaidh na léitheoireachta. Is féidir díriú ar thuar agus thátal i rith na léitheoireachta. Pléigh réamheolas agus déan naisc.

**Fionn Mac Cumhaill** (An Gúm): Dírigh ar réamheolas, nó tabhair eolas dóibh roimh léamh agus tóg air sin mar réamheolas. Iarr ar na léitheoirí achoimre a dhéanamh ar na codanna atá léite le tuiscint a chinntiú. Déan monatóireacht.

**Bleachtairí Bhaile Átha Cliath** (An Gúm): Cuir ceisteanna agus pléigh réamheolas. Spreagann an leabhar seo tuar agus tátal. Is féidir leideanna a aimsiú sa téacs le tátal a bhaint as agus tuairimí a thabhairt.


**Neamhfhicsean**

**Tá Mé ag Fás: Apaí** (Futa Fata): Is féidir réamheolas na léitheoirí a phlé, nó eolas a thabhairt dóibh roimh léamh agus an réamheolas sin a phlé. Déan clár ABC/ABCD roimh léamh, i rith na léitheoireachta agus ansin arís i ndiaidh na léitheoireachta le réamheolas, tuar agus monatóireacht a dhéanamh.

**Mistéir an Mary Celeste** (An tÁisaonad): Roghnaíonn léitheoirí a ndeireadh féin den leabhar seo bunaithe ar fhíricí agus teoiricí atá sa téacs. Bíonn ceisteanna ann roimh, i rith agus i ndiaidh na léitheoireachta. Luíonn an leabhar seo go han-mhaith le tátal a bhaint as an téacs. Is féidir clár ABC/ABCD a dhéanamh le ceistiú, tuar agus monatóireacht a dhéanamh.

## Rogha na straitéisí

**Cuidíonn sé go mór le tuiscint na léitheoireachta má aithníonn an léitheoir na straitéisí atá ann, na straitéisí atá in úsáid acu agus an chúis gur roghnaíodh an straitéis seo sa chás seo.**




**Ní insíonn an t-údar gach rud dúinn. In amanna is gá leideanna a chuardach sa téacs agus réamheolas a úsáid le cur le heolas sa téacs.**

| **Ná déan dearmad! Ní úsáid na straitéisí an sprioc sa léitheoireacht.** |
| --- |
| **Is í tuiscint na léitheoireachta an sprioc!** |

## Smaointe do cheachtanna léitheoireachta a spreagann straitéisí agus plé

### Sé don Phlé

Go minic, tugann páistí freagraí gearra agus bíonn deireadh leis an phlé. Is straitéis é seo a shíníonn an plé trí níos mó comhrá/plé a mhealladh. Moltar sealanna a bheith ag na páistí sa phlé ranga/grúpa agus go mbeidh **6** rud/gné le rá faoi aon ábhar plé/comhrá amháin. Spreagann sé seo na páistí le hionchur níos doimhne a bheith acu, éisteacht lena chéile agus freagairt do bharúlacha eile.

Nuair a thugann páistí freagra ar cheist/nuair a thógann páistí pointe plé, tacaigh leo leathnú a dhéanamh ar a smaointe. Tá ról ag an mhúinteoir tuilleadh machnaimh agus smaointeoireachta a spreagadh trí iarraidh orthu:

- a réasúnaíocht a mhíniú
- fianaise ar fhreagra/phointe a aimsiú agus a léiriú sa téacs
- smaointe a shoiléiriú
- cur le smaointe
- éisteacht le léirithe/ tuiscintí eile
- freagairt do léirithe/thuiscintí eile

## Ag cogarnail sa choirnéal




Cuirtear na ráitis, **Aontaím go láidir, Aontaím**, **Ní aontaím**, **Ní aontaím go láidir** i gcoirnéil an tseomra. Téann páistí chuig coirnéal a léiríonn a mbarúil féin faoi rud sa téacs.

1. Tabhair ráiteas don rang faoi leabhar. m.sh. *Is rí an-chróga é Labhraidh Loingseach.*
2. Cuir na ráitis **Aontaím go láidir, Aontaím**, **Ní aontaím**, **Ní aontaím go láidir** i gcoirnéil an tseomra, ceann i ngach coirnéal.
3. Iarr ar na páistí dul chuig an choirnéal a léiríonn a mbarúil féin.
4. Pléitear barúil an ghrúpa. Pléitear an fáth a síleann siad sin, ag baint úsáid as fianaise sa téacs.
5. Scríobhfaidh gach grúpa nótaí (roghnaigh scríbhneoir). Is féidir go mbeadh ceisteanna réamhscríofa ann ón mhúinteoir, nó go scríobhfaidh na páistí a nótaí féin.
6. Ceisteanna samplacha: Cén fhianaise atá sa téacs? An raibh carachtair chróga eile ann? Ar athraigh an carachtar? An raibh sé cróga ag tús/deireadh an scéil? Cad atá i gceist le crógacht?
7. Is féidir go spreagfaidh ceisteanna ón mhúinteoir/plé le daltaí eile smaointe nua.
8. Is féidir go spreagfaidh an plé barúlacha nua. Is féidir le páistí athrú go grúpa eile, ach is gá an t-athrú seo a mhíniú.

## Plé Sócraitéach



Fealsamh ón tSean-Ghréig a bhí i Sócraitéas. Is daoine iad na fealsaimh a dhéanann smaointeoireacht faoin smaointeoireacht.

Chreid Sócraitéas go gcuirtear le heolas trí cheisteanna a chur.

Is plé faoi stiúir na bpáistí é an **Plé Sócraitéach**. Is é an sprioc ná tuiscint dhomhain a fháil ar théacs trí cheisteanna a chur agus trí eisteacht le léitheoirí eile. Níl aon fhreagra 'ceart' ann ar na ceisteanna. Cuidíonn an modh seo le páistí smaoineamh go criticiúil agus labhairt go sainiúil faoina léitheoireacht.

1. Cuir na páistí i ngrúpaí beaga plé.
2. Mínigh gur gá sealanna a ghlacadh le bheith ag caint agus ag eisteacht. Cuir i gcuimhne dóibh na rialacha a bhaineann le heisteacht le daoine eile.
3. Tosaigh le ceist oscailte, nach bhfuil aon fhreagra ceart uirthi. m.sh. Cad é atá i gceist ag an údar nuair a ….? Cad iad na focail a thugann le fios go bhfuil …? Do bharúil go bhfuil an carachtar …?
4. Mol do na páistí frásaí a úsaid sa phlé. m.sh. Ní aontaím leis an mholadh sin. Tá smaoineamh eile agamsa. Sílimsa fein go bhfuil… Is maith liom an smaoineamh sin, ach…
5. Déan cinnte go bhfanann aird na bpáistí ar an téacs.
6. Is féidir sliogán/hata cainte a úsáid le sealanna a spreagadh.

## Ceacht léitheoireachta a chuireann réimse straitéisí san áireamh

Tacaigh le daltaí straitéisí tuisceana a úsáid go comhfhiosach trí obair ghrúpa, plé agus róil léitheoireachta a roinnt eatarthu.

Foghlaimíonn daltaí straitéisí níos fearr nuair a labhraíonn siad fúthu agus nuair a oibríonn siad le chéile.

Oibríonn daltaí i ngrúpaí beaga agus glacann gach dalta **ról léitheoireachta** a chuireann straitéis ar leith i bhfeidhm.

Samplaí róil:

- **An Maor Focal** – roghnaíonn focail nua le foghlaim
- **An Tuardhéantóir** – déanann tuar ar an rud a tharlóidh
- **An Nascóir** – déanann naisc
- **An Fiosróir Focal** - oibríonn amach patrúin i bhfocail nua
- **An Ceisteoir** – cuireann ceisteanna
- **An tAchoimreoir** – déanann plé ar na mórphointí atá léite
- **An Stiúrthóir** – cinntíonn gach ról
- **An Tátalaí** - léann idir na línte

## Struchtúr ceachta (20–30 nóiméad)

1. **Roimh léamh (5 nóim.)**

- Tabhair isteach an téacs.
- Déan dul siar gairid - tuar/tátal/achoime leis an rang.
- Mínigh róil na ndaltaí.
- Roinn na róil i ngrúpaí (4–5 dhalta).

2. **Le linn na léitheoireachta (10–15 nóim.)**

Léann an grúpa an téacs agus déanann gach dalta a ról:

- Ceisteoir → ceisteanna a chumadh
- Fiosróir Focal → focail nua a phlé
- Déantóir Tuair → tuartha a dhéanamh
- Bainteoir Tátail → leideanna a aimsiú
- Achoimreoir → príomhsmaointe a nótáil.

3. **Agus an téacs léite (5–10 nóim.)**

- Roinneann gach grúpa a gcuid smaointe.
- Déan plé ranga:
  - Cad a d'fhoghlaim muid?
  - Cén straitéis a chabhraigh is mó?

### Rothlú ról

Athraigh róil gach seachtain ionas go bhforbróidh gach dalta gach straitéis.

### Ról an mhúinteora

- múnlaigh na róil ar dtús
- tabhair teanga na straitéisí do dhaltaí
- spreag plé agus míniú
- dírigh ar an phróiseas, ní ar fhreagra ceart amháin.

### Cad é a dhéanann na páistí?

An bhfuil na páistí:

- ag comhoibriú?
- ag úsáid teanga na straitéise?
- ag míniú a gcuid smaointe?
- ag úsáid fianaise ón téacs?

### Leideanna

- Tosaigh le **2–3 ról amháin** ar dtús.
- Úsáid téacs gearr an chéad uair.
- Ní gá bileog scríofa a dhéanamh i ngach ceacht.
- Coinnigh na grúpaí beag (4–5 dhalta).

### Príomhphointe

Ní hamháin go léann daltaí an téacs — foghlaimíonn siad **conas smaoineamh mar léitheoirí** trína róil.

## Áiseanna sa rannóg seo:

- Leidleathanach ar na straitéísí tuisceana ar fad (daite le lannú x 2).
- Rólchártaí do na straiteisí tuisceana do leitheoireacht ghrúpa (daite le lannú x 8).

# RATH SA LÉITHEOIREACHT

## 6 Straitéis

| RÉAMHEOLAS | CEISTIGH |
|---|---|
| An bhfuil eolas eile agat faoi seo?<br>An bhfaca tú rud mar seo roimhe<br>Ar tharla rud mar seo duit roimhe? | Cad/Cad é/Céard? Cé? Cén uair? Cén fhad? Cén áit? Cá mhéad/Cé mhéad? Cá huair? Cá fhad? Conas/Cad é an dóigh/Cén chaoi? Do bharúil? Cén chúis? Cad a cheapann tú/Cad é a shíleann tú? Cad chuige/Cén fáth? Cad é an chúis? |
| **DÉAN TUAR** | **DÉAN NAISC** |
| Déan buille faoi thuairim, athchóirigh nuair is gá.<br>Cad é a tharlóidh anois? | An bhfuil sé cosúil le téacs eile a léigh tú?<br>Ar tharla rud mar seo duit féin?<br>Ar tharla rud mar seo aon áit eile? |
| **BAIN TÁTAL AS** | **DÉAN ACHOIMRE** |
| Cén t-eolas atá sa téacs?<br>Cén t-eolas atá agat féin?<br>Cad é an tátal a bhainfidh tú as sin? | Cad é a tharla san alt/chaibidil seo?<br>Déan cur síos ar an leabhar |



Jacqueline de Brún

# An Maor Focal

**Mo ról: Roghnaím focail nua le foghlaim ...**

- An bhfaca muid an focal seo roimhe?...
- An bhfuil an focal againn ó bhéal? ...
- Cuirfimid an focal in abairt ...



# Tuardhéantóir

**Mo ról: Tosaím an plé ar na rudaí a tharlóidh sa téacs...**

- An bhfuil fianaise againn go dtarlóidh sin? ...
- Cén fáth a gcreidimid sin?...



# An Nascóir

**Mo ról: Déanaim naisc sa téacs ...**

- le mo shaol féin
- le téacsanna eile
- leis an domhan



# An Fiosróir Focal

**Mo ról: Roghnaím focail, fóinéim, moirféim faoi leith...**

- Dírigh aird ar na fuaimeanna ...
- An bhfuil píosaí san fhocal ...
- Cad é fréamh an fhocail?...



# An Ceisteoir

**Mo ról: Scríobhaim ceisteanna do mo ghrúpa...**

- Céard?/Cé?/Cén áit?/Cén uair?/ Cén fáth?/Conas?/Cén chaoi?/Cad é mar?
- Faoi charachtar ...
- Faoin scéal ...
- Faoi fhocal ...
- Don údar ...
- Ceist dhomhain/éadomhain ...



# An tAchoimreoir

**Mo ról: Plé a spreagadh ar na rudaí a léigh muid...**

- Dírigh aird ar na himeachtaí ...
- Dírigh ar thús, lár agus deireadh ...
- Cad iad na mór-rudaí a tharla?



# An Stiúrthóir

**Mo ról: A chinntiú go bhfuil ról ag gach duine sa ghrúpa ...**

- Seal a thabhairt do gach duine.
- A chinntiú go bhfuil daoine ag éisteacht.
- A chinntiú go mbíonn an grúpa ciúin!



# An Tátalaí

**Mo ról: Tosaím plé ar na naisc sa téacs agus ar na rudaí a tharlóidh...**

- Cad iad na focail agus na frásaí a thugann an t-eolas sin? ...
- An bhfuil eolas againn féin faoi sin?...

